# Cad atá i gceist le Sprioc 5: Comhionannas Inscne?

**Stór Focal**

| Focal | Cad is brí leis |
|---|---|
| Obair an tí | Is é atá i gceist le hobair an tí ná cúraimí agus gnóthaí tí, cosúil le glantachán a dhéanamh, bia a cheannach, an chócaireacht a dhéanamh, na héadaí a níochán, etc. Bíonn cúram na bpáistí agus na ndaoine aosta i gceist leis an obair sin freisin. |
| Polaitiúil | Ag baint le staidéar ar an rialtas nó feidhmiú an rialtais, nó leis an bpolaitíocht |
| Eacnamaíoch | An córas faoina ndéantar agus a n-úsáidtear airgead i dtír (an chaoi a gcaitheann daoine airgead agus a thuilleann siad airgead, agus na cineálacha rudaí a cheannaíonn siad) |
| Tíortha i mBéal Forbartha | Tíortha bochta atá ag déanamh iarracht a ngeilleagar a fhás agus a sochaí a fheabhsú |

Is ceist an-tábhachtach i saol an lá inniu é an comhionannas inscne. Ciallaíonn comhionannas inscne gurb iad na cearta céanna atá ag buachaillí agus fir agus a bhíonn ag cailíní agus mná, agus go gcaitear go cothrom leo sa tsochaí. Ba cheart rochtain a bheith ag gach duine ar an gcúram sláinte céanna, ar an oideachas céanna agus ar na poist chéanna.

Ceann de na réimsí a ndíríonn Cúnamh Éireann, clár rialtas na hÉireann, air is ea an Comhionannas Inscne. Déanann sé an obair sin sna cláir atá á rith aige i dtíortha i mbéal forbartha ar fud an domhain, áit nach ionann in aon chor cáilíocht bheatha na bhfear agus na mbuachaillí agus cáilíocht bheatha na mban agus na gcailíní.

## FAOI NA CLÁIR SIN, DÉANTAR IARRACHT FÉACHAINT CHUIGE:

- Go bhfaigheann mná an cúnamh leighis go léir a theastaíonn uathu, go háirithe agus iad ag tabhairt páistí ar an saol
- Go dtugtar tacaíocht do chailíní chun tosú ag dul ar scoil agus fanacht ar scoil
- Go gcuirtear oiliúint ar mhná agus ar chailíní agus go mbíonn rochtain chomhionann acu ar ríomhairí agus ar theicneolaíochtaí eile
- Gur féidir le mná a ndóthain airgid a thuilleamh chun iad féin agus a dteaghlaigh a chothú
- Gur féidir le mná seasamh mar iarrthóirí i dtoghcháin áitiúla agus i dtoghcháin náisiúnta

15 BLIANA Our World IRISH AID AWARDS

Irish Aid
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
Department of Foreign Affairs and Trade

# Cad atá i gceist le Sprioc 5: Comhionannas Inscne?

## Má bhaintear amach Comhionannas Inscne:

Beidh cailín agus buachaillí in ann na poist, na caithimh aimsire agus na hábhair spéise chéanna a bheith acu. Faoi dheireadh tá súil againn an domhan a bheith sa riocht nach mbeidh duine ar bith ag smaoineamh ***sin post buachalla*** nó ***is iad na cailíní amháin ar maith leo an dath sin,*** ná a leithéidí.

Gheobhaidh cailíní agus buachaillí oideachas ar an gcaighdeán céanna

Gheobhaidh mná agus fir an pá céanna ar an bpost céanna

Tabharfaimid go léir aitheantas d'obair an tí agus beidh tuiscint againn ar fhiúntas na hoibre sin.

Spreagfaimid go léir mná agus cailíní chun páirt a ghlacadh i ngach ról polaitiúil, eacnamaíoch agus poiblí.

Seasfaimid go léir ar son na gceart sin, le chéile

15 BLIANA